Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

An Bhéaltriail Roghnach sa Ghaeilge in 2010 agus ina dhiaidh sin

Bonnleibhéal

TREOIRLÍNTE

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Scrúdú an Teastais Shóisearaigh
Gaeilge
Bonnleibhéal
TREOIR DON BHÉALTRIAIL ROGHNACH

Réamhrá

Beidh 40% den mhóriomlán marcanna ag gabháil leis an mBéaltriail Roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh in 2010 agus ina dhiaidh sin. Tá an Bhéaltriail roghnach sa Teastas Sóisearach ach is cinnte go bhfuil sé fíorthábhachtach taithí a fháil ar labhairt na teanga mar réamhullmhúchán. Beidh an Bhéaltriail ina crann taca le gach gné eile de scrúdú na Gaeilge sa Teastas Sóisearach.

(a) Tá 400 marc san iomlán le gnóthú i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh, an Bhéaltriail san áireamh. Is triail scoilbhunaithe roghnach í an Bhéaltriail agus tá 160 marc ag gabháil léi.

(b) Ceadaítear an Bhéaltriail Roghnach a chur ar siúl am ar bith idir an 23 Feabhra agus 20 Aibreán, 2010.

(c) Ní mór cloí sa Bhéaltriail Roghnach leis an bhformáid agus leis an scéim mharcála mar atá siad leagtha amach thíos.

(d) Ní mór ord fiúntais na n-iarrthóirí i labhairt na teanga, de réir thuairim lucht údaráis na scoile, i ngach rang iomlán ar leith a bheidh ag tabhairt faoin mBéaltriail Roghnach sa Teastas Sóisearach, a sheoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na foirmeacha **BT.R.1** atá faoi iamh leis seo roimh 23 Feabhra, 2010. Ní mór na marcanna a bhronnfar sa Bhéaltriail féin a sheoladh chuig an gCoimisiún ar na foirmeacha **BT.R.2** atá faoi iamh leis seo díreach tar éis na dtrialacha

(e) 240 marc atá ag gabháil leis an scrúdú scríofa agus leis an Triail Chluastuisceana i dteannta a chéile. Iarrthóirí nach ndéanfaidh an Bhéaltriail roghnach, déanfar iad a ghrádú as 240 marc.

(f) Níl sna ceisteanna a thugtar ar lch 4-7 ach treoir do réimse na gceisteanna a d'fhéadfaí a chur ar na bloic éagsúla.

1. Tá 160 marc ag gabháil leis an mBéaltriail.
Tástáiltear cumas labhartha na ndaltaí trí mheán na Gaeilge.
Cuirtear san áireamh anseo (a) cumas cumarsáide *agus* (b) cumas teanga na n-iarrthóirí

(a) Cumas Cumarsáide
- Tuiscint an iarrthóra ar an nGaeilge labhartha
- Tuiscint an iarrthóra ar cheisteanna
- Tuiscint an iarrthóra ar spreagthaí an scrúdaitheora
- Líofacht agus fonnmhaireacht chainte an iarrthóra
- Soiléireacht agus sothuigtheacht maidir le smaointe, mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl
- Stór focal agus leaganacha cainte

(b) Cumas Teanga
- Dul na Gaeilge
- Comhréir agus struchtúir
- Gramadach agus deilbhíocht
- Rithim agus foghraíocht

2. Leagan Amach na Béaltrialach agus Dáileadh na Marcanna:

(a) Cumas Cumarsáide **120 marc**

Bloc 1: An Teaghlach
Bloc 2: An Scoil
Bloc 3: An Ceantar Áitiúil
Bloc 4: Caitheamh Aimsire agus Laethanta Saoire

(b) Cumas Teanga **40 marc**

3. Fad ama 5 – 7 nóiméad

Ceisteanna Samplacha

BLOC 1
An Teaghlach

- Dia duit…Conas atá tú?...Cén chaoi a bhfuil tú?
  Cén t-ainm atá ort?...Cad is ainm duit?
  Cén aois tú? Cén aois atá agat?
  Cén dáta breithe atá agat?

- Cé mhéad deartháir atá agat?
  Cé mhéad deirfiúr atá agat?
  Cad is ainm dó/di/dóibh?
  Cén aois é/í/iad? Cén aois atá acu?
  An bhfuil sé/sí/siad ar scoil/ag obair/ar Coláiste?
  Déan cur síos ar do dheartháir/ar do dheirfiúr.
  An bhfuil sé/sí ard/íseal?
  Cén dath atá ar a c(h)uid gruaige?...ar a c(h)uid súl?

- Cá bhfuil tú i do chónaí?...Cá bhfuil cónaí ort?
  Cén seoladh baile atá agat?

- An bhfuil teach mór agat?
  Cé mhéad seomra atá ann?
  Cad iad na seomraí atá ann?... An bhfuil seomra suite…?
  Cad atá i do sheomra leapa?...Leaba, bord?…
  Cén dath atá ar an mballa?...Cén dath atá ar an gcuilt?
  An bhfuil gairdín agaibh?...An bhfuil sé mór?
  Cad atá sa ghairdín?...Bláthanna?…
  An mbíonn tú ag obair sa ghairdín?...Cad a dhéanann tú?
  Cé a bhíonn ag obair sa ghairdín?

- An bhfuil peata agat?...An bhfuil madra nó cat agat?
  Cad is ainm dó?
  Cén dath atá air?
  Cén aois é?
  Cad a itheann sé?...Cad a ólann sé?
  Cá bhfuair tú/sibh an madra/cat?... Bronntanas?…
  Ar cheannaigh tú/sibh é?...An raibh sé daor?

Ceisteanna Samplacha

BLOC 2
An Scoil

- Cad é ainm na scoile seo?
  Conas a thagann tú ar scoil gach lá?... An siúlann tú?…ar an mbus?… ar rothar?…
  An bhfuil do theach in aice leis an scoil?
  Cé mhéad míle atá do theach ón scoil?
  Cad a dhéanann tú nuair a éiríonn tú gach maidin?
  Cé mhéad dalta/cailín/buachaill atá sa scoil?
  Cé mhéad múinteoir atá sa scoil?

- An maith leat an scoil?... Cén fáth?
  Cén t-am a thosaíonn an scoil gach maidin?...
  Cén t-am a chríochnaíonn an scoil gach tráthnóna?...
  Cén t-am a bhíonn lón agat?...
  An bhfuil cead agat dul abhaile ag am lóin?...
  Cad a dhéanann tú ag am lóin?... Cad a itheann tú ag am lóin?...
  An bhfuil ceaintín sa scoil?…
  An bhfuil siopa sa scoil?... Cad atá sa siopa?...milseáin, úlla…?

- Cá bhfuil cónaí ort?
  Cad é do sheoladh?
  An bhfuil teach mór agat?...

- An mbíonn leathlá ag an scoil?...
  Cén lá a bhíonn leathlá agaibh?... Dé Céadaoin?
  Cén t-am a chríochnaíonn an scoil Dé Céadaoin?...
  Cad a dhéanann tú tar éis na scoile Dé Céadaoin?...
  An dtéann tú ag imirt peile?...Ag siopadóireacht…

- Inis dom faoi d'éide scoile…do gheansaí…
  Cén dath atá air?...agus do sciorta/do bhríste…do léine/do bhlús…
  An maith leat an éide scoile? Cén fáth?...
  Ar mhaith leat dath difriúil? Cén fáth…dubh…gorm…

- Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar scoil?...Gaeilge…
  Cad é an t-ábhar is fearr leat?... Cén fáth?... An bhfuil tú go maith ag an…?
  Cad is ainm do do mhúinteoir?

- Cad iad na háiseanna atá sa scoil?…
  An bhfuil halla spóirt nó leabharlann nó…sa scoil?
  Cad iad na spóirt a imrítear atá sa scoil?…Peil…Sacar…Cispheil…
  An imríonn tú peil/sacar/cispheil…?

Ceisteanna Samplacha

BLOC 3
An Ceantar Áitiúil

- Tá tú i do chónaí i… An maith leat an áit sin?… Cén fáth?
  Cad atá in aice le do theach?... An bhfuil siopa in aice le do theach?
  Cén sórt siopa?...siopa ceoil…siopa milseán…?
  Cad eile atá in aice le do theach?...pictiúrlann…oifig an phoist…leabharlann…?
  Cad iad na radhairc atá le feiceáil anseo?

- Cad a dhéanann na daoine óga anseo?
  An bhfuil club óige ann?...Club Sacair…Club Snámha…?
  An bhfuil tusa in aon chlub?... Cén oíche/lá a dtéann tú ann?... Cén t-am?... Cé a théann in éineacht leat?
  Cá dtéann tú ag siopadóireacht chun éadaí nua a cheannach?...Anseo sa bhaile nó i…?
  An bhfuil siopaí maithe éadaí anseo?… Cad é ainm an tsiopa is fearr leat?

- An bhfuil aon scoil eile sa cheantar seo? Cad é ainm na scoile sin?...
  An scoil do chailíní/do bhuachaillí/do chailíní agus do bhuachaillí an scoil sin?
  Cén fáth nach dtéann tusa ar an scoil sin?

- An dtéann tú go dtí bialann go minic?... Cén bhialann is fearr leat?...
  An maith leat McDonalds…Supermacs...?
  Cad a itheann tú i…? An maith leat borgaire/sceallóga/sicín...?
  Cad é an bia is fearr leat?… An maith leat bia Iodálach/ón Iodáil/Síneach/Indiach…?

- An bhfuil cónaí ort ar fheirm?... An bhfuil an fheirm mór nó beag?…
  An bhfuil ba/caoirigh ar an bhfeirm?... Cad atá ag fás sna páirceanna?...
  An mbíonn tú ag obair ar an bhfeirm?... Cad a dhéanann tú?...An maith leat a bheith ag obair ar an bhfeirm?...
  Ar mhaith leat a bheith i do fheirmeoir?... Cén fáth?

- Tá an fharraige/loch/abhainn in aice linn anseo… An dtéann tú ag snámh/bádóireacht/ag iascaireacht ann?...sa samhradh/sa gheimhreadh…?

- An bhfuil ospidéal sa cheantar seo?... Cad é ainm an ospidéil?…
  An raibh tú riamh san ospidéal?... An raibh timpiste riamh agat?... Cad a tharla duit?...
  An maith leat ospidéil?... Ar mhaith leat a bheith ag obair in ospidéal?

Ceisteanna Samplacha

BLOC 4
Caitheamh Aimsire agus Laethanta Saoire

- Cad a dhéanann tú nuair nach mbíonn tú ar scoil?...ag an deireadh seachtaine…Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh…
  Inis dom faoi chaitheamh aimsire amháin atá agat?

- An mbíonn dioscó nó damhsa ar siúl anseo?... An dtéann tú ann?...
  Cén t-am a thosaíonn sé?... Cé mhéad atá air?... Cén t-am a chríochnaíonn sé?...
  Conas a théann tú abhaile?…Cé mhéad a bhíonn ar an tacsaí?...
  An siúlann tú abhaile?... An mbíonn aon duine ag siúl in éineacht leat?

- Cad é an clár teilifíse is fearr leat?... Cén lá a mbíonn sé ar siúl?...Dé Luain?...
  Cén t-am a bhíonn sé ar siúl?...
  Cén carachtar is fearr leat?...
  An mbíonn sé ar siúl ar RTÉ?… Cén stáisiún a mbíonn sé ar siúl air?

- An maith leat ceol?… Cén grúpa/banna ceoil is fearr leat?
  An bhfuil a lán dlúthdhioscaí/CD-eanna agat?... Cén praghas atá ar dhlúthdhiosca?...
  An bhfuil siopa ceoil anseo i…?
  An bhfuil iPod agat?... Cá bhfuair tú é? … Cén saghas ceoil atá sábháilte agat air?...
  An raibh tú riamh ag ceolchoirm?...san O2 Baile Átha Cliath/RDS/Baile Phúinse…
  Cé mhéad a bhí ar an ticéad?... Cá bhfuair tú an t-airgead?... Cé a thug an ticéad duit?...
  Cé a chuaigh ann in éineacht leat?… Conas a chuaigh sibh ann…ar an mbus/ar an traein…
  Cén banna ceoil/duine a bhí ag seinm?... An raibh…go maith?

- An maith leat spórt?... An imríonn tú spórt ar bith?...
  Cén áit?... Cén lá?... Cén t-am?...
  An bhfuil tú/an fhoireann go maith ag?... Ar bhuaigh tú/an fhoireann comórtas/léig/rás/ craobh…riamh?

- Cad a rinne tú an samhradh seo caite?… An raibh tú ar saoire?… Cén áit?...
  Cé a bhí in éineacht leat?… Cá fhad a chaith tú/sibh ann?...
  Cé mhéad seachtain a bhí tú/sibh i?…
  Cár fhan tú/sibh?...i dteach ósta…árasán…carbhán… Conas a bhí an aimsir?...
  An raibh tú ag obair?… Cad a rinne tú gach lá?... Ar thaitin an obair leat?...
  An bhfuair tú a lán airgid?

- An raibh tú riamh thar lear?...sa Spáinn…sa Fhrainc…tír éigin eile…
  Conas a chuaigh tú ann?...eitleán…bád…
  Cé a bhí in éineacht leat? …
  Cár fhan sibh?...in óstán?... An raibh sibh ag campáil?...
  Cá fhad a chaith tú sa Spáinn/sa Fhrainc?...
  Cé mhéad seachtain a chaith tú ann?...seachtain amháin…dhá sheachtain…
  Ar thaitin an bia leat?… An raibh an bia go deas?...
  Cad a d'ith tú ann?... Ar ith tú pizza nó…?

- Conas a bhí an aimsir sa Spáinn/sa Fhrainc/sa…nuair a bhí tú ann?
  Conas atá an aimsir inniu?... An bhfuil an ghrian ag taitneamh?... An bhfuil sé ag cur báistí?

Taifeadadh

(i) Sa chaoi go mbeidh na torthaí a ghabhann leis an scrúdú scoilbhunaithe seo bailí agus iontaofa is den riachtanas é go mbeadh deis ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na marcála. Chuige sin caithfear béaltriail gach iarrthóra a thaifeadadh.

(ii) Ba cheart ***dhá*** théip 90 nóiméad a úsáid in obair na téipeála. Scríobh na focail "Téip Ghinearálta" ar an lipéad i gcás ceann amháin díobh agus na focail "Téip Speisialta" ar an lipéad i gcás an dara ceann. Ba chóir na hiarrthóirí ar fad, cé is moite de na hiarrthóirí speisialta don "Téip Speisialta", a théipeáil ar an "Téip Ghinearálta". Tá sé tábhachtach go bhfeicfeadh agus go dtuigfeadh na hiarrthóirí go rabhadar ar fad á dtéipeáil, agus nach rabhthas ag déanamh eisceachta de dhuine ar bith. Is é a tharlóidh mar sin i gcás na "Téipe Ginearálta" ná go mbeidh na hiarrthóirí "ginearálta" sin ar fad á dtéipeáil anuas ar a chéile, sa chaoi gur chóir go mbeadh roinnt díobh fós le cloisteáil ar an téip (na hiarrthóirí deireanacha go háirithe) ag deireadh na dtrialacha.

(iii) Ba chóir 10% de na hiarrthóirí, nó seisear díobh (cibé líon acu sin is mó), a roghnú go speisialta agus a théipeáil ar an "Téip Speisialta" (**dhá** "Théip Speisialta" a úsáid, más gá). Roghnaigh mar seo iad:- cúpla duine ardchumais, cúpla duine meánchumais agus sampla nó beirt de dhaoine laga.

(iv) Ba chóir an "Téip Ghinearálta" agus an "Téip Speisialta" a choimeád sa scoil. Tharlódh go n-iarrfadh an Coimisiún ar údaráis na scoile na téipeanna sin a chur go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun go ndéanfaí monatóireacht ar an gcaighdeán marcála iontu.

(v) Ag tús na téipeála ar **gach** iarrthóir ba chóir **ainm** agus **scrúduimhir** an iarrthóra a thaifeadadh ar an téip, e.g. **S*eo an t-iarrthóir Síle Ní Bhriain, Scrúduimhir 7722.*** Ba cheart chomh maith ainmneacha agus scrúduimhreacha na n-iarrthóirí a **scríobh** go cúramach ar lipéid na dtéipeanna, san ord ina bhfuil siad le cloisteáil ar na téipeanna. Ní mór an gnó áirithe seo a dhéanamh go han-chruinn ar fad i gcás na Téipe Speisialta. Ní mór **ciorcal** chomh maith a chur timpeall ar ainmneacha agus scrúduimhreacha na n-iarrthóirí "speisialta" ar na foirmeacha, **BT.R.1**, agus **BT.R.2.**

Canúintí

Ní mór cloí chomh dlúth agus is féidir leis an gcanúint is oiriúnaí.

An Córas Marcála

(a) Cumas Cumarsáide (30 marc x 4 =120 marc)

(le cur i bhfeidhm i gcás na mbloc uile)

An- mhaith: Tuiscint an-mhaith; stór focal cruinn fairsing; ábalta é/í a chur in iúl go han-mhaith (cumarsáid an-mhaith); caint an-líofa, an-saoráideach. **24−30**

Maith: Tuiscint shaoráideach; stór focal go maith; ábalta é/í a chur in iúl go maith (cumarsáid mhaith); caint líofa shaoráideach. **18−23**

Réasúnta Maith: Tuiscint réasúnta saoráideach; stór focal teoranta; ábalta é/í a chur in iúl réasúnta maith (cumarsáid réasúnta maith); caint réasúnta líofa. **12−17**

Lag: Tuiscint ar Ghaeilge an-simplí (= an cheist chéanna curtha ar chúpla bealach atá níos simplí ná a chéile); stór focal easnamhach bearnach; ábalta é/í a chur in iúl ar bhealach lag (cumarsáid lag); cumas ar chaint shimplí. **6−11**

An-lag: Tuiscint in easnamh; stór focal an-easnamhach; ábalta é/í a chur in iúl ar éigean (briseadh sa chumarsáid) caint atá an-bhriste, an-bhacach ar fad. **0−5**

(b) Cumas Teanga (40 marc)

(Marc cuí as 40 marc le cur i bhfeidhm ag críoch na béaltrialach i gcás gach iarrthóra)

An- mhaith: Cumas an-mhaith ag an iarrthóir maidir le comhréir, struchtúir agus gramadach. **32−40**

Maith: Cumas maith ag an iarrthóir maidir le comhréir, struchtúir agus gramadach; gan mórán earráidí sna briathra san Aimsir Chaite/Láithreach/ Ghnáthláithreach/Fháistineach; an stór focal oiriúnach go maith. **24−31**

Réasúnta Maith: Cumas réasúnta maith ag an iarrthóir maidir le comhréir, struchtúir agus gramadach; na struchtúir ceart cuid mhaith den am; na foirmeacha briathartha ceart níos minice ná a mhalairt san Aimsir Chaite/Láithreach/ Fháistineach; an deimhneach agus an diúltach ceart go hiondúil; an stór focal réasúnta oiriúnach den chuid is mó. **16−30**

Lag: Cumas lag ag an iarrthóir maidir le comhréir, struchtúir agus gramadach; na struchtúir mícheart i bhfad níos minicí ná a mhalairt; roinnt mhaith mórearráidí san Aimsir Chaite/Láithreach/Ghnáthláithreach/Fháistineach; meascán go han-mhinic idir an deimhneach agus an diúltach; an stór focal gan a bheith oiriúnach ach go hannamh**.** **8−15**

An-lag: Cumas an-lag ag an iarrthóir maidir le comhréir, struchtúir agus gramadach; na briathra mícheart beagnach i gcónaí; mionfhocail mar fhreagraí; corrfhreagra slán ar cheisteanna an-simplí. **0−7**